Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13086/22**

**SOC 540**
**EMPL 371**
**GENDER 155**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne: Ceapachán Lucia VLASÁKOVÁ, comhalta malartach don tSlóvaic, in ionad Ján TOMAŠTÍK, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Ján TOMAŠTÍK éirithe as oifig mar chomhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don tSlóvaic).

2. Le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 an 20 Nollaig 2006[1], foráiltear, *inter alia*, gur cheart don Chomhairle 18 gcomhalta, chomh maith le comhaltaí malartacha, a cheapadh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne go ceann tréimhse 3 bliana.

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

3. Déanfaidh na 18 gcomhalta agus na comhaltaí malartacha arna gceapadh ag an gComhairle ionadaíocht ar 18 mBallstát in ord na nUachtaránachtaí rothlacha, agus ainmneoidh gach Ballstát comhalta amháin agus comhalta malartach amháin.

4. Tá an t-iarrthóir seo a leanas molta ag Rialtas na Slóvaice chun ionad an chomhalta mhalartaigh atá éirithe as oifig a ghlacadh, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2025:

Lucia VLASÁKOVÁ
Principal State Advisor
Department of Equality of Women and Men and Equality of Opportunities
Ministry of Labour, Social Affairs and Family of the Slovak Repblic
Špitálska 4, 6, 8
SK-816 43 Bratislava
Teil.: + 421 2 2046 1068
R-phost: lucia.vlasakova@employment.gov.sk

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena n-ionadaítear comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a ghlacadh mar mhír 'A' agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach
de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí
um Chomhionannas Inscne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne[2], agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Lena Cinneadh an 24 Bealtaine 2022[3], rinne an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a cheapadh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Ján TOMAŠTÍK as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Slóvaice don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

[3] IO L 147, 30.5.2022, lch. 42.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Lucia VLASÁKOVÁ ina comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne in ionad Ján TOMAŠTÍK, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán